CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/325 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme 2015/698 2017/2448, 2017/2452, 2018/1109, 2018/1110, 2019/1304, 2019/1306 agus 2021/1388 a mhéid a bhaineann le sealbhóir an údaraithe agus a ionadaí san Aontas maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh

(a bhfuil fógra tugtha faoi ina leith C(2022) 1049)

(Is ag an téacs san Ollainnis a bheidh an t – údarás agus aige sin amháin)

Téacs atá ábhartha maidir le LEE

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é Pioneer Overseas Corporation, atá lonnaithe sa Bheilg, a dhéanann ionadaíocht san Aontas ar Pioneer Hi-Bred International Inc., atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, a mhéid a bhaineann leis na húdaruithe maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, údaruithe arna ndeonú le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 ([2]), (AE) 2017/2448 ([3]), (AE) 2017/2452 ([4]), (AE) 2018/1109 ([5]), (AE) 2018/1110 ([6]), (AE) 2019/1304 ([7]), (AE) 2019/1306 ([8]) agus (AE) 2021/1388 ([9]) ón gCoimisiún.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe 305423 (DP-3Ø5423-1), nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 71).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2017 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe 305423 × 40-3-2 (DP-3Ø5423-1 × MON-Ø4Ø32-6) nó atá comhdhéanta díobh, nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe (IO L 346, 28.12.2017, lch. 6).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2017 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 (DAS-Ø15Ø7-1), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 346, 28.12.2017, lch. 25).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/2018/AE ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2018 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 59122 (DAS-59122-7), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 203, 10.8.2018, lch. 7).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × 59122 × MON 810 × NK603, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe 1507, 59122, MON 810 agus NK6031507 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/815/CE, 2010/428/AE agus 2010/432/AE (IO L 203, 10.8.2018, lch. 13).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1304 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 4114 (DP-ØØ4114-3), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 65).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507× NK603 (DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 75).

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × MIR162 × MON810 × NK603, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe 1507, MIR162, MON810 agus NK603, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 300, 24.8.2021, lch. 22).

(2) Is é Dow AgroSciences Distribution S.A.S., atá lonnaithe sa Fhrainc, a dhéanann ionadaíocht san Aontas ar Dow AgroSciences LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, a mhéid a bhaineann le húdaruithe maidir le táirgí ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe áirithe, atá comhdhéanta díobh nó a tháirgtear astu, a chur ar an margadh, údaruithe arna ndeonú le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452, (AE) 2018/1109 agus (AE) 2019/1306.

(3) Le litir dár dáta an 22 Márta 2021, chuir Corteva Agriscience LLC an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Dow AgroSciences LLC a ainm go Corteva Agriscience LLC ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

(4) Le litir dár dáta an 1 Samhain 2021, d'iarr Pioneer Hi-Bred International, Inc. go ndéanfadh an Coimisiún cearta agus oibleagáidí Pioneer Hi-Bred International, Inc. a bhaineann leis na húdaruithe agus na hiarratais atá ar feitheamh uile maidir le táirgí géinmhodhnaithe, a aistriú chuig Corteva Agriscience LLC.

(5) Le litir dár dáta an 1 Samhain 2021, chuir Corteva Agriscience LLC an Coimisiún ar an eolas gurb é Corteva Agriscience Belgium BV, atá lonnaithe sa Bheilg, a ionadaí san Aontas ón 1 Samhain 2021.

(6) Is athruithe riaracháin go díreach iad na hathruithe a iarrtar agus dá bhrí sin níl measúnú nua i gceist ar na táirgí lena mbaineann.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698, (AE) 2017/2448, (AE) 2017/2452, (AE) 2018/1109, (AE) 2018/1110, (AE) 2019/1304, (AE) 2019/1306 agus (AE) 2021/1388 a leasú dá réir sin.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/698 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.'

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 2

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2448 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 3

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2452 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 4

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1109

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1109 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 5

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1110 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 6

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1304

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1304 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 7

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 8

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Sealbhóir an údaraithe

Is é Corteva Agriscience LLC, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience an Bheilg BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

(3) san Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe**

Ainm:	Corteva Agriscience LLC
Seoladh:	9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá,,

arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg."

Airteagal 9

Seolaí

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún